Scoil Naomh Pádraig

# Plean Gaeilge

Revised: 2022

www.strangsmillsns.ie
16875G

# Plean Gaeilge

Réamhráiteas: Cuireadh an plean le chéile ar lá pleanáile sa scoil 2003-2004. Rinne an fhoireann scoile athbhreithniú ar an bplean seo le chéile sa bhlian 2012, bhí athbhreithniú ar na h-agusín déanta sa bhlian 2020, 2021 agus athbreithnú ar an plean iomláin i 2023. Bhí gach múinteoir páirteach ann.

**Bunchúiseanna:** Tá gáth leis an bplean seo chun cabhrú linn an curaclam a chur i bhfeidhm, i dtreo is go mbeidh leanúnachas ó rang go rang, agus chun cur chuige cumarsáide a chur i bhfeidhm sa scoil**.**

**Seo iad na ceisteanna a phléigh na múinteoiri:**

- comhtháthú na scil teanga sna ceachtanna: teanga ó bhéal, léitheoireacht, agus scribhneoireacht;
- raon modhanna múinte a bheith in úsáid ag na muinteoiri agus saoirse acu na cinn is fearr a fhileann do na páisti agus don scoil a roghnú, ag cur san áireamh cúlra teanga na bpáistí;
- na feidhmeanna teanga a chur in eagar do na rang-ghrúpaí difriúla;
- na téamai a chur in oiriúint don pháiste, dá gcúlra teanga agus baile;
- na tascanna, na cluichí agus na gníomhaíochtaí atá luaite in ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim a éagsulú ó bhliain go bliain;
- aire a thabhairt do shnáithaonaid uile an churaclaim.

Aontaíonn na múinteoirí go bhfuil sé an-tábhachtach grá don Ghaeilge a chothú ins na daltaí. Ba chóir go mbeadh taitneamh le baint as an ábhar foghlama chun go spreagfá na páistí chun an Ghaeilge a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide agus chun go mbeadh dearcadh dearfach acu ina leith. Bíonn béim láidir ar 'spéis a chothú' sa Ghaeilge ag na leibhéil go léir.

**Fís agus aidhmeanna**

**An Plean i gComhthéacs na Scoile seo:**

Is ar chumarsáid agus ar úsáid na teanga mar ghnáth theanga bheo a leagtar béim sa churaclam nua. Tá sé an-thábhachtach go dtugtar gach seans do na páistí an Ghaeilge a labhairt go nádúrtha, agus go mbeadh dearcadh dearfach acu ina leith, agus go spreagfar muinín iontu an Ghaeilge a úsáid ina shaol. Tá sé tábhachtach go mbeadh an páiste gníomhach sa cheacht Ghaeilge: is é sin, gníomhachtaí teanga a bheith ar siúl, tascanna le déanamh, agus fadhbanna le réiteach trí Ghaeilge. Is é an plean atá againn sa scoil seo ná:

- féin-mhuinín na bpáisti a chothú i labhairt na gaeilge; béim a chur ar éisteacht agus ar labhairt na Gaeilge; béim ar chumarsáid;
- úsáid na teanga i gcluichí;
- úsáid na Gaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae;
- bheith ar a gcumas freagra gairid a thabhairt do cheisteanna; leanúnachas a bheith ann ó rang go rang.

**(a) Fís**

Baintear úsáid as an nGaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae. Déantar iarracht dearcadh na dtuismitheoirí agus an phobail a dhéanamh níos dearfa ar an Gaeilge. Déanann muinteoirí na scoile seo iarracht cur le forás cognaíoch, mothúchánach agus samhlaíoch an pháiste.

**(b) Aidhmeanna:**
Is iad aidhmeanna an churaclaim Ghaeilge sa scoil seo ná:

- ✓ a chur ar chumas páistí tógáil ar eolas agus ar thaithí atá acu cheana féin ar theanga agus ar fhoghlaim theanga le cur lena bhfoghlaim theanga
- ✓ páistí a spreagadh le glacadh go dearfach leis an nGaeilge, agus ár bhféiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn trí úsáid na Gaeilge

- ✓ páistí le teangacha agus cultúir éagsúla a spreagadh le bheith bródúil as a n-oidhreacht agus í a roinnt

- ✓ aitheantas a thabhairt don éagsúlacht mhór taithí, cumais agus stíle teanga a bhíonn ag páistí agus iad ag foghlaim teanga ar scoil mar chéad chéim le cur ar a gcumas a bheith rannpháirteach i gcaidreamh cumarsáideach atá ábhartha agus lán brí

- ✓ glacadh le huathúlacht na bpáistí trína meas ar a dteanga bhaile, a dtuiscint ar theanga agus ar ilghnéitheacht, agus a gcumas chun teangacha, gothaí agus uirlisí éagsúla a le cumarsáid a dhéanamh le daoine i gcomhthéacsanna agus i suímh éagsúla a chothú

- ✓ páistí a spreagadh agus a chumasú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa chéad teanga agus sa dara teanga de chuid na scoile agus cumarsáid a dhéanamh ina dteanga oidhreachta le haghaidh cuspóirí éagsúla

- ✓ páistí a chumasú le bheith rannpháirteach go hiomlán i réimse leathan d'eispéiris teanga agus cumarsáideacha atá ábhartha agus lán brí le páistí ar comhaois leo agus le daoine fásta, agus le taitneamh a bhaint astu

- ✓ spéis ar feadh an tsaoil i bhfoghlaim theanga, agus grá d'fhoghlaim teanga, a chothú i bpáistí ar mhaithe le taitneamh agus saibhriú pearsanta agus, ar an gcaoi sin, dearcadh dearfach i leith cumarsáide agus teanga a chur chun cinn

- ✓ tuiscint páistí ar an domhan a leathnú trí éagsúlacht shaibhir eispéiris teanga agus trí fheasacht agus meas i leith teangacha agus cultúir eile a chothú i dtimpeallacht foghlama a shaibhríonn iad

- ✓ páistí a chumasú chun úsáid shamhlaíoch agus chruthaitheach a bhaint as teanga agus tuiscint a bheith acu do ghnéithe aeistéitiúla na teanga

- ✓ páistí a spreagadh le bheith rannpháirteach go pearsanta i réimse leathan de théacsanna labhartha, geáitsíochta, scríofa agus il-mhodúlacha, agus smaoineamh go criticiúil orthu

- ✓ tacú le páistí lena scileanna liteartha a fhorbairt agus iad a chumasú le dul chun cinn a dhéanamh ar a luas foghlama féin i dteanga ó bhéal, léite agus scríofa

- ✓ feasacht teanga a chothú sna páistí, ionas go dtuigfidh siad agus go mbeidh meas acu ar ábhar agus ar struchtúr teangacha

**1. Curaclam na Gaeilge**

**1.1 Cur Chuige Cumarsáideach**

Tá cumarsáid i gceist sna gnéithe teanga, san ábhar teagaisc agus foghlama agus sna modhanna múinte a úsáidtear. Is é an rud is tábhachtaí ná na páistí a chur ag caint agus ag déanamh cumarsáide chomh luath agus is féidir. Is ar an bpáiste féin agus ar na riachtanais teanga atá aige/aici agus ar a c(h)uid ábhar spéise atá an phríomhbhéim sa chur chuige a úsáideann an múinteoir. Cuirtear béim ar thaithneamhacht an ábhair theagaisc agus ar an gcaoi a gcoinneoidh sé seo an páiste gafa le linn na foghlama. Tugtar aird faoi leith ar úsáid na teanga chun cumarsáid a dhéanamh. Cuireann cur-chuige cumarsáideach béim ar úsáid na teanga chomh luath agus chomh minic agus is féidir i rith an cheachta. Cuireann tascanna, cluichí teanga agus comhthéacsanna taitneamhacha a chruthaíonn an múinteoir ar chumas an pháiste cumarsáid a dhéanamh ag baint úsáid as na ceithre scil teanga: éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht.

Chomh fada agus is féidir bíonn cumarsáid ar siúl idir na páistí i ngach ceacht Gaeilge. Roinntear an cheacht ar thrí thréimhse teagaisc agus foghlama: (1) an tréimhse réamhcumarsáide; (2) an tréimhse cumarsáide; (3) an tréimhse iarchumarsáide.

<u>An Tréimhse Réamhchumarsáide</u>: Ag tús an cheachta is féidir leis an múinteoir an t-ionchur teanga a dhéanamh taitneamhach agus spreagúil le gníomhaíochtaí nó cluiche

mar shampla, foghlaim foclóra, cleachtadh comhréire, gníomhaíochtaí faoi threoir, cluichí gramadaí.

<u>An Tréimhse Chumarsáide</u>: De réir tuairisc ó gcigire i 2015 beidh gach rang ag baint usaid as 10 nóiméad gach lá le haghaidh cur chuige cumarsáide. Cruthaíonn an múinteoir gá le húsáid na teanga chun cumas cumarsaide an pháiste a fhorbairt agus chun seans a thabhairt dó/di teanga nua a chruthú dó/di féin. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí cumarsáide—tascanna le déanamh, fadhbanna le réiteach, cluichí cumarsáide, bearnaí a líonadh in agallamh taifeadta, imirt i rólanna i suíomheanna éagsúla, idirghníomhú sóisialta, déanamh drámaí agus sceitsí, plé agus díospóireachtaí agus ar eile trí mheán na Gaeilge.

<u>An Tréimhse Iarchumarsáide</u>: Tugtar seans don pháiste dul siar ar theanga an_cheachta trí ghníomhaíochtaí iarchumarsáide—mar shampla, cleachtadh gramadaí, anailís na teanga, cluichí breise, tasc nua. Beidh an chumarsáid ina cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama. Tá cumarsáid i gceist le muineadh na scileanna teanga go léir. Caithfidh an páiste an teanga a chur in úsáid chun í a fhoghlaim go héifeachtach. Úsáideann na múinteoirí an Ghaeilge labhartha chun treoracha a thabhairt, chun an rang a roinnt i gcomhair cluichí, chun am lóin agus am sosa a stiúradh, agus chun an rolla a ghlaoch.

**Cén tuiscint atá ag foireann na scoile ar Chur Chuige Cumarsáideach?**

D'aontaigh an fhoireann teagaisc go bhfuil cur-chuige cumarsáide an ghné is tábhachtaí I bhfoghlaim na teanga i dtreo go mbeidh an páiste in ann í féin a chur in iúl agus na paisti eile í a thuiscint. Caithfidh an teanga a bheith beo. Caithfidh an múinteoir spéis a chothú chun na paistí a spreagadh an Ghaeilge a úsáid in atmasféar taitneamhach gan bhrú. Cruthaíonn an múinteoir suíomh ina mbeidh gá leis an bpáiste Gaeilge a úsáid. Is de réir a chéile a thiocfaidh fás agus forbairt ar an gcumas cumarsáide atá ag na páistí.

**1.2 Feidhmeanna Teanga** (an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach):

Beidh na feidhmeanna teanga i gceist i ngach gnéithe teanga den churaclam—Teanga ó bhéal, Léitheoireacht, Scríobhneoireacht. Rangaítear iad i sé chatagóir feidhmeanna: caidreamh sóisialta a dhéanamh, eolas a thabhairt agus a lorg, dearcadh a léiriú agus a lorg, dul i gcion ar dhuine, struchtúr a chur ar chomhrá, soiléiriú a lorg i gcomhrá. Tá deich gcinn de théamaí atá spéisiúil don pháiste liostaithe sa churaclam: Mé Féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, An Teilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire, Éadaí, An Aimsir agus Ócáidí Speisialta. Caithfidh na múinteoirí foclóir a bhaineann leis na téamaí a mhúineadh chun go mbeidh an páiste in ann iad a aistriú ó shuíomh amháin go suíomh eile. Usáidtear Gaeilge neamhfhoirmiúil freisin chun gnáthriachtanais chumarsáide agus shóisialta a chomhlíonadh—beannú, slán a fhágáil, leithscéal a ghabháil, soiléiriú a lorg, agus míniú a thabhairt. Drámaí beaga agus agallaimh: Is cuid lárnach den chumarsáid iad chun cleachtadh a thabhairt do na páistí (a) an teanga a úsáid, agus (b) féinmhuinín a neartú.

Úsáidtear na feidhmeanna teanga i gcomhtheacs téama éigin i gcónaí. Is tábhachtach an rud é go bhfuil leanúnachas sa scoil [Féach Agusín 1].

Tá seifteanna seo leanas ag na múinteoirí chun an Ghaeilge a cheangal le saol na scoile: frása(í) na seachtaine,teachtaireachtaí, fógraí na scoile,prionta sa timpeallacht, comharthaí, ócáidí rialta mar am sos/am lón srl.

### 1.3 Snáitheanna agus gnéithe an Churaclaim.

Tá trí shnáithe i gCuraclam Teanga na Bunscoile- teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Sna trí shnáithe, déantar cur síos sna gnéithe ar fhoghlaim theanga bhunriachtanach. Tá tacar de Thorthaí Foghlama ag gach gné, ina ndéantar cur síos ar fhoghlaim thábhachtach teanga ó thaobh coincheap, meonta agus scileanna.
Is iad seo a leanas na gnéithe d'fhoghlaim teanga a bhaineann le gach ceann de na snáitheanna:

1. Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga

2. Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint

3. Teanga a fhiosrú agus a úsáid.

(CTB, ln. 14)

**Gné 1: Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga (Cumarsáid)**

Sa ghné seo dírítear ar eolas agus tuiscint na bpáistí a fhorbairt faoin gcaoi a gcruthaímid agus a roinnimid brí le chéile i gcaidrimh chumarsáideacha, mar éisteoirí agus mar chainteoirí, agus mar dhaoine a thugann agus a ghlacann faisnéis. Go sonrach, baineann sé le forbairt a dhéanamh ar na scileanna a thacaíonn leis an bpróiseas sin agus, ar an gcaoi sin, tógann an ghné ar an téarma Cumarsáid in Aistear. Sa chaoi is go mbeidh páistí in ann brí a thógáil agus a roinnt i gcaidrimh chumarsáideacha, ní mór dóibh a bheith rannpháirteach mar éisteoirí agus mar chainteoirí. Is scileanna cómhalartacha iad éisteacht agus freagairt agus forbraítear iad in éineacht.

**Gné 2: Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint (Tuiscint)**

Dírítear sa ghné seo ar fhorbairt a dhéanamh ar chumas páistí téacsanna a chruthú agus idirgníomhú go maith leo, agus iad ag úsáid eolas agus tuiscint ar ábhar agus struchtúr na teanga atá ag éirí níos sofaisticiúla de réir a chéile. Dírítear sna Torthaí Foghlama seo ar struchtúr abairte agus ar ghramadach, ar fhoclóir ó bhéal agus ar fhoclóir léitheoireachta, ar ghnásanna cló, ar fheasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach, ar aithint focal, ar litriú agus ar thuiscint.

**Gné 3: Teanga a fhiosrú agus a úsáid (Fiosrú agus úsáid)**

Tugtar tús áite sa ghné seo do chumas páistí a fhorbairt chun teanga a fhiosrú agus a úsáid le haghaidh réimse leathan cuspóirí, i seánraí éagsúla, agus le cineálacha éagsúla lucht féachana, cuid acu a bhfuil aithne acu orthu agus cuid eile nach bhfuil. Ach teanga a fhiosrú agus a úsáid, cothaítear braistint ghutha agus forbraítear léirthuiscint do ghné aeistéitiúil na teanga. De réir mar a théann siad i ngleic le téacsanna éagsúla labhartha agus scríofa agus de réir mar a chruthaíonn siad iad, forbraítear feasacht ar ghuth an údair sna páistí. Agus iad ag fiosrú agus ag úsáid teanga sa churaclam, beidh ar pháistí éisteacht le hinsintí agus le cuntais fhíriciúla a bheidh ag éirí níos casta agus níos teibí de réir a chéile, agus iad a chur in iúl.

**1.4 Comh-tháthú na snáitheanna:**

Tá líonra idirnasc ann, ní hamháin idir na gnéithe ach trasna na snáitheanna. Cé go dtacaíonn gach snáithe le forbairt gach snáithe eile, ní mór aird ar leith a thabhairt sna luathbhlianta bunscoile ar shnáithe na teanga ó bhéal mar gur cuid bhunúsach é d'fhorbairt na léitheoireachta, na scríbhneoireachta agus na foghlama ar fud an churaclaim. Is de thoradh ar fheasacht ar an gcaidreamh idir na gnéithe agus trasna na snáitheanna a chomhlíontar cumas an churaclaim teanga chomhtháite. (CTB ln. 15)

**Ábhar an Phlean**

Sa curaclum teanga na bunscoile, tá na páistí i ngach rang ag taithí torthaí foghlama sa trí snáithe: teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Bíonn an béim i gcónaí, go mórmhór sna bun ranganna ar an dteanga labhartha, ar dhánta simplí, ar amhráin, ar scéalta, ar sceitsí geanra, agus ar chluichí teanga. Tá gá le fhocail phrionta i nGaeilge agus bearla a bheith thart orthu.

**1.5 Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte**

**(a)Téamaí:** Bíonn na téamaí/fó-théamaí bunaithe ar shaol an pháiste. Bíonn éagsúlacht sna fó-théamaí i ngach rang.

**(b)Straitéisí:** Baineann an muinteoir úsáid as straitéisí éagsúla chun an Ghaeilge a mhúineadh:

- filíocht—dánta, amhráin;
- seanfhocail;
- drámaíocht: tugann an múinteoir sampla ar dtús agus ansin is féidir leis na daltaí é a athrú;
- idirlín - éist leis an gaeilge agus gníomhaíochtaí a dheanamh
- ainmnigh na difriochtaí idir na pictiúir

- cluichí teanga
- structúir abairte: briathar-cé?-cad/cá?-cathain?
- scríobhneoireacht: litir, liostaí, nóta, cuireadh, cárta phoist, scéalta, biachlár, nuacht, agallamh, cur síos—sampla a thabhairt ar dtús

Is iad na straitéisí is coitianta a úsáidtear chun cumas cumarsáide an pháiste a fhorbairt ná: agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna, cluichí teanga, tascanna agus fadhbanna, druileanna, drámaíocht, físeáin, scéalaíocht, filíocht (rainn, dánta agus amhráin), rabhlóga, tomhais agus seanfhocail.

Ón t-am a thosnaíonn na páistí ar scoil, baineann na múinteóirí úsáid i rith an lae as nathanna bunúsacha éagsúla chun na páistí a bheith in ann iad a chloisteáil ar dtús agus ansin úsáid a bhaint astu. Tá samplaí de na nathanna seo in Agusín 6, agus cuireann na múinteoirí ranga leis an liosta. Ceanglaíonn é seo leis an liosta feidhmeanna teanga.

**(c)Modhanna Múinte:**

Tá réimse leathan modhanna múinte in úsáid i ngach rang. Is iad na sé mhodh is súntasaí ar féidir úsáid a bhaint astu ná:

An Módh Díreach

Modh na Sraithe

Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí An

Módh Closlabhartha

An Módh Closamhairc

Módh na Ráite.

**1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil:**

Úsáidtear Gaeilge chomh minic agus is féidir i rith an lae. Samplaí: ócáidí rialta i rith an lae—am rolla, am lóin, ag dul amach/isteach, teachtaireachtaí, bainisteoireacht ranga, prionta sa timpeallacht, comharthaí, dalta na seachtaine agus gaeilgeoir na seachtaine (ar na la Gaeilge, uair sa tearma), fógraí, frásaí na seachtaine a roghnú, a fhorbairt, a mhúineadh agus a úsáid.

**2. Pleánáil Eagraíochta:**

**2.1 Pleánáil an Mhúinteora:** Tá gaol laidir idir an plean scoile don Ghaeilge agus pleánail fhad-téarmach/ghearrthéarmach an oide ranga. Leanann an múinteoir na cinnteidil thuas.

**2.2 Áiseanna**

Tá abair liom in usáid sa scoile I ngach rang. Baineann gach muinteoir úsáid as leabhair éagsúla ó am go h-am de réir riachtanais. Féach ar Agusín 2.

**2.3 Éagsúlacht Chumais:**

Eagraíonn an múinteoir tascanna agus gníomhaíochtaí chun freastal ar éagsúlacht chumais na bpáistí. Maidir le páistí a fhágann an rang chun freastal ar mhúinteoirí tacaíochta, tá an clár-ama chomh solúbtha agus is féidir i dtreo is nach mbeadh an dalta as láthair go rialta ó mhúineadh aon ábhair áirithe. Mar gheall ar pháistí a bhfuil díolúine ón nGaeilge acu, in aontú le ciorclach 54/2022, tá sé socraithe ag na múinteoirí go ndéanfaidh na páistí sin gníomhachtaí beag as gaeilge leis an rang, nó obair in abhár eile, i rith na ceachta Gaeilge nó freastal ar mhúinteoirí tacaíochta ag an am seo.

**2.4 Comhtháthú le hAbhair Eile:**

Déanann na múinteoirí comhtháthú le hábhair eile:

- ceol: amhráin Ghaeilge, feadóg
- corp-oideachas: cluichí, damhsa
- na hamharc-ealaíona: péint, dathanna
- matamaitic: uimhreas, áireamh

- drámaíocht: trí Gaeilge
- tíreolaíocht: ainm na gcontae
- stair: ainm an chlann

**2.5 Measúnú:**

Is próiseas leanúnach é an measúnú. Bíonn an múinteoir ag déanamh measúnaithe go neamh-fhoirmiúil an t-am go léir. Nuair a chasann an múinteoir leis na tuismitheoirí ag an gcomhdáil oideachais i rith na bliana, tugtar mionchuntas faoi dul ar aghaidh na bpáistí. Déantar an measúnú ag deireadh aonaid oibre nó ag deireadh tréimhse. Is ar chumas an pháiste agus an méid atá sé/sí in ann a thuiscint, a rá, a léamh nó a scríobh atá an bhéim agus ní ar an easpa cumais. Cuirfear san áireamh:

- dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste: treoracha a leanúint, páirt a ghlacadh sna cluiche
- ceisteanna
- tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- ábhar éagsúla m.sh. Nollaig, bia, éadaí srl a athaint agus a ainmniú
- scrúdaithe as gaeilge
- bailiúchán d'obair agus de thionscadail an pháiste
- measúnú féin

**2.6 Obair Bhaile**

Tugtar obair bhaile oiriúnach sa Ghaeilge. Féach ar an plean 'obair bhaile'.

**2.7 Forbairt foirne:**

Labhraíonn na múinteoirí, Gaeilge lena chéile go rialta. Tagann na múinteoirí le chéile go rialta chun plean múinteoireachta a leagan amach ina roinntear eolas ar a chéile.
Déanann gach múinteoir iarracht a gcúid Gaeilge féin a chleachtadh taobh amuigh den scoil nuair a bhíonn an deis acu. Uaireanta tagann cuiditheoir go dtí an scoil chun tacaíocht bhreise a thabairt do na múinteoirí.

**2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:**

Tá tábhacht an-mhór ag baint le ról na dtuismitheoirí chun cabhrú le hobair na scoile. Cabhraíonn said trí thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge sa scoil agus sa cheantar, trí cabhrú leis an obair bhaile, agus trí Ghaeilge a chleachtadh ar ócáidi áirithe sa bhaile. Tá dearcadh dearfach an-tábhachtach. Frasaí na seachtaine a chur ar doras na scoile agus i ngach rang sa scoil. Tabharfaimid bileóg téarmaí Gaeilge do na Tuismitheoirí chun cabhrú leo Gaeilge a labhairt sa bhaile. (Agusín 4)

**2.9 Comhionannas**

Beidh deis ag gach páiste sa scoil seo an Ghaeilge a fhoghlaim. Beidh seans céanna ag gach dalta páirt a ghlacadh sa rang Gaeilge, fuí amháin na páistí nach bhfuil an Bearla mar chéad teanga acu.

**An tslat tomhais atá ag an scoil chun an plean a mheas:**

Tá na múinteoirí ar aon-intinn go ndéanfaidh an plean seo difríocht do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge in ár scoil. Is iad na comhtharthaí a léireoidh go bhfuil dul chun cinn sásúil á dhéanamh ná:

- atmaisféir Gaelach sa scoil
- an Ghaeilge mar teanga cumarsáide sa scoil go minic
- aoibhneas agus sult á bhaint as an Gaeilge ag na daltaí
- dearcadh dearfach ag daltaí, muinteoirí agus tuismitheoirí
- clár gaeilge; na teamaí difriúil gach mí

Tá a fhios againn go bhfuil an plean á chur i bhfeidhm sa scoil mar (a) leanann ullmhúchán an mhúinteora an plean, agus (b) leantar na nósanna imeachta atá sa phlean.

**Critéir Rathúlachta:**

Tá a fhios againn gur comhlíonadh aidhmeanna an phlean nuair a thagann aiseolas dearfach ón bhfoireann, ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí; aiseolas dearfach freisin ó

scoileanna dara leibhéal; tuairiscí ón gCigire; páistí ag labhairt na Gaeilge lasmuigh de ranganna Gaeilge agus ag baint taitneamh aisti.

**Cur I bhfeidhm**

**(a) Rólanna agus freagracht:**

Cuirfidh gach múinteoir é i bhfeidhm agus tá gach múinteoir freagracht as an bplean scoile. Tá múinteoir amháin ag eagraíocht gaeilge sa scoil.

**(b) Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm**

Beidh an plean seo á cur i bhfeidhm tar éis daingniú an mBord Bainistíochta.

**Athbhreithniú**

Caithfear an plean seo a athbhreithniú sa bhlian 2026/2027 chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil Curaclam na Gaeilge á cur i gcrích i gceart.

**(a) Rólanna agus freagracht**

Beidh na daoine seo páirteach san athbhreithniú:

- foireann teagaisc
- Daltaí
- Tuismitheoirí
- Bord Bainistíochta
- An cigire

**Daingniú:**

Dhaingnigh an Bord Bainistíoichta an polasai seo ar ______________________

**Síniú:** ________________________ **Dáta:** __________________

**Agusín 1**

# Feidhmeanna teanga

| | Naíonáin | R1 & R2 | R3 & R4 | R5 & R6 |
|---|---|---|---|---|
| **Caidreamh sóisialta** | | | | |
| **beannú do dhuine**<br><br>**P.28 "modh an aoibhnis"** | Dia duit<br><br>Dia is Muire duit<br><br>tá fáilte romhat | Dia díbh<br><br>Dia's Muire díbh<br><br>Dia's Muire duit 's Pádraig | go mbeannaí Dia duit.<br><br>móra duit ar maidin.<br><br>rath Dé ort. | bail ó Dhia ort<br><br>gurb amhlaidh duitse |
| **slán a fhágáil** | slán leat.<br><br>slán agat.<br><br>Slán libh.<br><br>Slán abhaile. | slán libh.<br><br>slán agaibh. | go dté tú slán<br><br>feicfidh mé amárach thú. | go n-eirí an bóthar leat<br><br>chífidh mé thú<br><br>Slán go fóill<br><br>Slán abhaile |
| **glaoch ar dhuine** | a mhúinteoir | a Phóil<br><br>a Mháire | | |
| **aird a lorg** | tar anseo<br><br>gabh mo leithscéal.<br><br>más é do thoil é.<br><br>go raibh maith agat. éistigí | | noiméad amháin<br><br>Éistigí<br><br>led' thoil<br><br>le bhur dtoil<br><br>ba mhaith liom | an féidir liom?<br><br>labhair liom<br><br>abair liom<br><br>An bhfuil sibh réidh/críochnaithe |
| **bualadh le duine** | conas atá tú<br><br>an bhfuil tú go maith? | táim go maith<br><br>buíochas le Dia.<br><br>nílim go maith<br><br>Táim ar mhuin na muice. | Cén chaoí a bhfuil tú? | le cúnamh Dé<br><br>Táim ar muin na muice<br><br>Táim go h-iontach/cuíosach |
| **cur in aithne** | seo é Seán<br><br>seo í Siobhán | | | seo é Seán<br><br>seo í Siobhán |
| **comhghairdeas a dhéanamh** | breithlá shona duit<br><br>maith an- | maith thú | togha iarracht | togha fir |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | bhuachaill/<br>An-chailín | ar fheabhas<br>comhghairdeas | Bain triall as | togha mná<br>Comhghairdeas |
| **Soiléiriú a Lorg** | | | | |
| **easpa tuisceanna a léiriú** | An bhfuil sibh réidh? | an dtuigeann tú?<br>ní thuigim | tuigimid<br>lámha suas éinne nach dtuigeann | |
| **cabhair a lorg** | Cad é seo? | cén gaeilge atá ar…? | cad is brí le…? | conas a déarfá? |
| **litriú a lorg** | | arís | abair é sin arís<br>litrigh | conas a litreofa (litríonn)? |
| **athrá a lorg** | | arís | abair é sin arís | |
| **Dul i gcion ar dhuine** | | | | |
| **cead a lorg,**<br>**a thabhairt,**<br>**is a dhiúltú** | an bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas | an bhfuil cead agam mo lámha a ní, …ceart go leor | níl cead agat<br>fan go fóill/noiméad<br>Déan deifir, Brostaigh | Ar aghaidh leat/libh |
| **buíochas a léiriú** | go raibh maith agat<br>buíochas le Dia | go raibh míle maith agat | míle buíochas | go méadaí Dia do stór |
| **smaoineamh a chur chun cinn** | An bhfuil cead agam milseáin a fháil? | ar mhaith leat | Céard faoi | cad mar gheall |
| **iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh** | Stad, ná dein<br>dún an doras más é do thoil é<br>tabhair dom, seo duit | ná dein<br>ar aghaidh libh, amach libh<br>brostaigí<br>múch na soilse | ba bhreá liom | an féidir leat<br>Faigh an<br>Tógaigí amach<br>Téigí go dtí an halla mór |
| **duine a ghríosadh** | | | lean ort<br>lean ar aghaidh | Ar aghaidh leat |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **magadh faoi dhuine** | | | | há! há! ar chuala tú an scór |
| **cuireadh a thabhairt, a dhiúltú, glacadh leis nó fiosrú faoi** | | | ar mhaith leat teacht go dtí mo chóisir?<br><br>ní féidir liom<br><br>ba mhaith<br><br>cá mbeidh sí ar siúl | an dtiocfaidh tú go dtí mo theach?<br><br>tiocfaidh cinnte.<br><br>ba bhreá liom, go raibh maith agat.<br><br>cén t-am a thosóidh sí? |
| **foláireamh a thabhairt do dhuine** | | bí cúramach<br><br>stop den phleidhcíocht<br><br>Ná bí ag rith | tóg go bog é<br><br>tabhair aire | Ná bí ag luascadh |
| **Stádas a fhógairt nó a cheistiú** | | | is mise..is airde; is óige; is sinne;<br><br>is isle. | |
| **maíomh** | tá snámh agam | Féach ormsa<br><br>Chuaigh mé | Táim go maith ag.. | Táim go h-iontach |
| **dushlán duine a thabhairt** | an féidir leat?<br><br>is féidir liom | Tá mé ábalta | ní féidir leatsa é sin a dhéanamh<br><br>An bhfuil tú ábálta | an bhfuil tusa in an poc saor a thógáil?<br><br>ar mo chumas<br><br>Táim in ann |
| **<u>Dearcadh a léiriú's a lorg</u>** | | | | |
| **eolas nó aineolas**<br><br>**léiriú nó fiosrú fúthu** | tá a fhios agam / níl | | tá / níl<br><br>An bhfuil fhois agat? | cé hé sin?<br><br>an cuimhin leat? |
| **cinnteacht** | tá / níl, sea/ní hea | tá / níl | cinnte | táim/nílim cinnte |
| **leibhéal dochúlachta**<br><br>**Is dócha** | | | is dócha<br><br>gan amhras | sílim<br><br>measaim<br><br>ceapaim |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **gan amhras** | | | | |
| **is féidir** | | | | b'fhéidir go dtiocfaidh |
| **seans** | | | | níl aon seans againn |
| **taitneamh nó easpa taitinimh a léiriú** | is maith liom<br>ní maith liom bainne (m.sh.) | is breá liom<br>is fuath liom<br>is aoibheann liom | is fuath liom<br>an maith leat?<br>is/ní maith liom | is/ní maith liom peil a imirt<br>Is aoibheann liom |
| **mianta a léiriú nó fiosrú fúthu** | | | ar mhaith leat?<br>ba mhaith/Níor mhaith | ba mhaith liom dul go dtí an pictiúrlann<br>cad ba mhaith leat? |
| **rogha a léiriú**<br>**nó fiosrú fúithi** | | b'fhearr liom | Cé acu is fearr leat?<br>is fearr liom | cioca ab fhearr leat?<br>b'fhearr liom |
| **leithscéal a ghabháil** | gabh mo leithscéal | tá brón orm | | |
| **sásamh** | go maith | | tá sé go húfásach | Go hiontach, ar fheabhas, go diail |
| **aontú nó easaontú** | | tá/níl<br>is ea/ní hea | bhris / níor bhris | Ceart/mí cheart<br>tá sé sin fíor /bréagach |
| **ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú** | | is féidir liom rothaíocht<br>ní féidir liom | tá snámh agam<br>in ann / ábalta | in inmhe<br>ar mo chumas |

**<u>Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste</u>**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **séanadh** | | | | d'fhág tú an clós/níor fhág |
| **maithiúnas a léiriú** | | | tá go maith<br>tá sé sin ceart go | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | leor | |
| **tacaíocht a léiriú** | | | go breá<br>lean ar aghaidh | |
| **an rolla** | táim anseo<br>tá sé/sí as láthair | Níl x ar scoil inniu.<br>Ta sé tinn. | | |
| **díoma a léiriú** | | Tá sé ar a laethanta saoire. | | is mór an trua é sin<br>tá díoma orm |
| **dócha a léiriú** | | | | tá súil agam le<br>táim an tnúth le |
| **ligean air/uirthi** | Lig ort.<br>Bígí ag...mar... | ó, tá tinneas cinn orm (tinneas fiacaile, tinneas bhoilg<br>Tá pian i mo.. | is fathach mé<br>is féidir liom…. | |
| **scéalta a chumadh** | | ar maidin<br>Go tobann<br>Fadó, fadó | lá amháin<br>inniu an Mháirt<br>Tar éis tamaill | Ar dtús/ansin….<br>Sa deireadh…<br>Caithfidh mé a rá.. |
| **léiriú gur gá nó nach gá rud éigin a dhéanamh** | | | caithfidh mé/<br>ní chaithfidh mé | Beidh orm.<br>Ní bheidh orm.<br>An gá dom… |
| **<u>Eolas a thabhairt agus a lorg</u>** | | | | |
| **aithint** | seo é<br>cad é seo/sin? | sin í<br>sin é | is madra é sin | fear mór is ea é |
| **tuairisciú** | cad is ainm duit? | tá Dónal ag ithe | tá sé ag ithe a | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | x is ainm dom<br>Cé tusa? | | bhricfeasta | |
| **ceartú** | | | tá mo chótosa gorm<br>ní leatsa é<br>is liomsa é | madra atá agam sa bhaile |
| **ceisteanna** | cé hé sin?<br>cad é sin?<br>an bhfuil?<br>tá / níl | cén dath atá ar an liathróid?<br>cé leis?<br>ar tháinig? tháinig / níor tháinig | | conas?<br>cén fáth?<br>cad é an dóigh?<br>cathain?<br>cén t-am?<br>Cén? cá h'áit |
